

# Seó na Nollag



Gaelscoil Uí Néill

## Eanáir

An geimhreadh atá ann, agus é síochta fuar.

Ach is mór an spórt a bhíonn ann nuair  
a thagann an sneachta, leis an tír ar fad bán,  
ag déanamh fear sneachta, gan scoil a bheith ann.

Tá an sneachta ag titim, tá na crainn uilig lom  
Tá an spideog ag cuardach, an bhfuil bia ar bith ann?  
Tá an ghealach amuigh agus tá sioc ar an bhóthar,  
agus muidne ar cuairt nó ag dul chuig an chóisir.

Gléasta atá muid, inár gcuid éadaí is fearr,  
Tá a fhios againn go mbeidh an bhliain úr thar barr.  
Déanfaidh muid ár ndícheall, sa bhaile 's ar scoil  
Ach níos lú obair bhaile, a mhúinteoir le do thoil.

### Nótaí

- *Páistí gléasta le héadaí deasa, hata, feadóg srl nó éadaí don gheimhreadh.*
- *Ceol "Auld lang syne" nó "The Snowman"*

## Feabhra

Mí Feabhra anois, agus Lá Fhéile Bríd'  
Ag déanamh na gcrosóg, téimid tríd  
Cailín deas óg, séimh agus lách,  
Naomh speisialta na hÉireann amach is amach.

Bhí an cailín seo ann na blianta ó shin.  
'S chuidigh sí le daoine a bhí bocht agus tinn.  
Is é mian a bhí aici ná Dia a mholadh,  
Agus clochar deas mór a chur ar an talamh.

D'aontaigh an Rí ar achar a chóta,  
Agus é ar an talamh, d'éirigh gach duine tógtha.  
Níor chreid éinne é ach bhí an cóta ag fás,  
Agus le Dia a thug sí a buíochas is meas.

### Nótaí

- *duine amháin ag deanamh gníomhaíochtaí gléasta mar Bhríd. Ceol traidisiúnta (fonn mall)*

## Márta

An tír ar fad glas, mórshiúlta le feiceáil,  
Ceol, spórt is spraoi agus Gaeilge le cloisteáil.  
Tosaíonn an ceilí ar an seachtú lá déag,  
Nuair a bhímid ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig.

Tháinig Pádraig go hÉirinn mar sclábhaí agus aoire,  
Agus chaith sé a am amuigh leis na caoirigh.  
Mhothaigh sé trua do na daoine anseo,  
Agus rinne sé an cinneadh go gcuideodh sé leo.

Nuair a bhí comhairle de dhíth, is é a thug daofa  
agus theagasc sé dóibh cuid mhór fá dtaobh d'Íosa  
Ag fás ins an fhéar, trí dhuilleog, an tseamróg,  
Ag smaoineamh ar Phádraig, cuir í ar do chasóg.

### Nótaí

- *Damhsa gaelach, ceol traidisiúnta*
- *ag caitheamh éadaí glasa*

## Aibreán

I mí Aibreáin de ghnáth, bíonn an aimsir go dona,  
Ní féidir dul amach, níl na páistí róshona.  
Ní stopann an fheartainn de bheith ag titim go trom,  
Titeann sí go díreach anuas ar mo cheann.

Ansin bímid ag dúil le Domhnach na Cásca  
Le ceiliúradh eile, bímid chomh sásta.  
Coiníní bána agus sicíní buí,  
Uibheacha deasa le seacláid istigh.

Ach ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le hÍosa,  
Agus grá a léiriú dó, grá ónár gcroíse.  
Is é a fuair bás ar Aoine an Chéasta  
Ach d'éirigh arís ar Dhomhnach na Cásca.

## Nótaí

- *Cóta fearthainne, bróga fearthainne, ciseán le huibheacha, éadaí buí, fuaimeanna stoirme, ansin Spring (Vivaldi)*

## Bealtaine

Ansin atá Bealtaine is na plandaí ag fás,  
Ainmhithe óga, nach iad atá deas?  
Éiríonn an iarnóin níos faide ná mar a bhí.  
Tá níos mó ama le bheith ag súgradh amuigh.

Faoi dheireadh thiar thall, seo chugainn na bláthanna.  
Tá an boladh go hálainn, leis an iliomad dathanna,  
bíonn siad corcra, dearg, bán agus buí,  
beidh mise sa pháirc, faoi chrann, i mo luí.

An Chéad Chomaoineach Naofa a bhíonn ann anois  
Rachaidh muid uilig chuig an séipéal arís.  
Cultacha ar na gasúir, gach cailín i ngúna bán.  
Ar ais chun na scoile, beidh cóisir bheag ann.

### Nótaí

- *Four Seasons Spring*
- *Ag iompar Bláthanna*
- *Liathróid, húla húp*

## Meitheamh

Mí an Mheithimh agus scrúduithe, 's ag obair go crua,  
Amharcann ár dtuismitheoirí orainn le trua.  
Críochnaíonn scoil, tá muid bliain iomlán fásta,  
Nach ndeachaigh an bhliain seo isteach iontach gasta.

Tá sos de dhíth orainn, is cinnte go bhfuil.  
Beidh muid ar ais ar an scoil seo gan mhoill.  
Tá deireadh le hobair bhaile, le litriú agus mata,  
gheobhaidh mé mo ghloiní, mo scátaí is mo hata.

Mar tá an samhradh ag teacht, tá mé saor do dhá mhí  
Thig liomsa fanacht, i mo leaba i mo luí.  
Má tá an aimsir go deas, rachaidh mé amach  
Ach má tá sé ag cur, déanfaidh mé súgradh sa teach.

### Nótaí

- *Éadaí scoile agus spéaclaí gréine orthu*
- *School's Out for Summer*

## Iúil

Anois is muid saor, tá laetha saoire le plé.

Tá na málaí uilig pacáilte agus tá muid uilig réidh.

Go minic sa samhradh, caithimid an lá,  
in aice na farraige nó thíos ar an trá.

Is maith liom an Spáinn, an teas is na hamhráin

Ach is dócha go rachaidh muid arís go Bun Dobhráin.

Ag campáil i bpuball ar an trá nó sa pháirc

Ach is cuma, i dTír Chonaill, is maith liom na radhairc.

Tá an aimsir go hálainn, tá dath gorm sa spéir.

Tá an ghrian mhór ag spalpadh, tá teas galánta san aer.

Cuir ort uachtar gréine agus tabhair leat buidéal uisce

Rachaidh muid ag rith, is mise is gaiste.

### Nótaí

- *Málaí a n-iompar le éadaí samhraidh orthu, hata, flip flops srl.*
- *We're all going on a summer holiday (ag feadaíl)*



## Lúnasa

Anois i mí Lúnasa, ag smaoineamh ar spóirt

Agus an tacaíocht dár gContae a ba mhaith linn a thabhairt.

Ag scairteadh, ag scréachaíl Tír Eoghain Abú!!

An bhfuil sé? Níl ..... tá sé, tá súil agam, CÚL!!

Scéim Samhraidh, Campa Chormaic, tá na cluichí go breá

Ní stopann an spóirt, bímid ag imirt gach lá.

Ag caint Gaeilge chomh maith, ár dteanga bhreá bheo

Nuair a fheicim mo chairde, labhraím féin Gaeilge leo.

Ó mhaidin go hoíche, ní stopann an spóirt

Ag rith is ag súgradh, ag imirt cluichí de gach sórt

Ach in amanna stopaim, mar bíonn orm tuirse

Amharcfaidh mé ar shacar, Come on You Spurs!

### Nótaí

- Éadaí spóirt, aghaidh daite dearg agus bán
- Feadóg
- Gasúr le liathróid
- Tráchttaireacht á dhéanamh
- Ceol: The Sunday Game

## Meán Fómhair

Slán leis an samhradh, ar ais chun na scoile.

Ag bualadh le cairde, ach ansin táimid ag dul a  
fháil obair sa seomra agus obair sa bhaile,  
laethanta fliucha agus muid dúdóite sa halla.

I ndiaidh dha mhí as láthair, táimid ar bís  
le bheith ar ais ar an *Ghaelscoil* arís.

Ag léim is ag scipeáil sa chlós ag am sosa  
Ag ciceáil na liathróide agus ag titim thar chosa.

Bhí spraoi ann sa samhradh gach lá agus muid saor.

Níl cáil ar an scoil, bíonn craic ann, tá sin fíor!

Feicfidh muid ár múinteoir, ár seomra is ár gcairde

Suígí síos, leabhair amach, lámha in airde,

### Nótaí

- *Éadaí scoile atá néata*
- *Pink Floyd - Brick in the Wall (We Don't Need No Education)*

## Deireadh Fómhair

Ag deireadh na míosa bíonn eagla san aer,  
Le tintí móra ealaíne ag lasadh sa spéir.  
Idir cnónna 's úlla, tá ciseán lán i mo láimh,  
Ach ná seas róchóngarach, nó in aice tine chnámh.

Tá mise ag gléasadh mar chailleach nó púca.  
Nó foghlaí mara le claíomh, pearóid agus crúca  
mar seo Oíche Shamhna , idir dhorcha agus ghruama,  
le zombaithe scanrúla ag éirí as an tuama.

Ansin scéalta scanrúla ag deireadh na hoíche  
Ní bhíonn eagla orm agus ní bheidh orm choíche.  
Cad é sin a chluinim? An í sin an Bhean Sí?  
Tá mise i mo leaba, faoin bhlaincéad, i mo luí.

### Nótaí

- *Gléasta suas*
- *Thriller - damhsa ??*

## Samhain

Duilleoga deasa, dearg, donn agus buí

Duilleoga deasa ag damhsa ar an ghaoth.

Tá na hainmhithe ag déanamh réidh mar is fada an codladh,

Bailíonn siad bia, ní bhíonn nead s'acu folamh.

Tá an fómhar ann anois agus amharc, sin iora rua.

Ag bailiú a chnónna ó na crainn faoin tuath

a chuireann sé i bhfolach faoin talamh agus i ndíog,

ag déanamh réidh don gheimhreadh fada, ní chluinfear uaidh gíog.

Cá bhfuil na héin? Tá siad ag eitilt ó dheas.

Ní maith leo an fuacht, is fearr leo an teas,

Ach arís sin an spideog, lena brollach beag dearg

Tabhair di bia breise agus ní bheidh uirthi fearg

### Nótaí

- *Dathanna an fhómhair*
- *Vivaldi - Autumn*

## Nollaig

Agus anois, seo muidne ag deireadh na bliana.  
Gach mí, bhí mé maith agus anois tá mé féin a  
dul a chodladh i mo leaba go gasta is go luath  
mar tá Santa ag teacht anocht le mo bhréagáin bhreá nua.

Fágfaidh mé deoch agus fágfaidh mé bia  
Fágfaidh mé cairéid, ceann amháin do gach fia  
Déanfaidh mé iarracht dul a chodladh go gasta  
Mar amárach sin an Nollaig, agus is mé a bheidh sásta.

Tá na laetha is fearr den bhliain anois linn,  
Le tinsil agus soilsí ar crochadh ar chrainn.  
Tá an tír ar fad bán, athrú mór ar an aimsir.  
Ceolfaimid anois faoi Íosa ina mhainséar.

### Nótaí

- *Amhrán na Nollag Away in a Manger i nGaeilge?????*